2024/62

11.1.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 56/2021

an 5 Feabhra 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/62]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 ([1]), a ionchorpraíodh i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 190/2019 ó Chomhchoiste LEE an 10 Iúil 2019 ([2]), ba cheart é a chur freisin mar ghníomh leasaitheach le Treoir 2014/17/AE in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE.

(2) Ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfear an méid seo a leanas le pointe 31j (Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

', arna leasú le:

— **32016 R 1011**: Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 6 Feabhra 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 125/2019 ó Chomhchoiste LEE an 8 Bealtaine 2019 ([3]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Feabhra 2021.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Clara GANSLANDT

([1]) IO L 171, 29.6.2016, lch. 1.
([2]) IO L 235, 12.9.2019, lch. 9.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([3]) IO L 321, 12.12.2019, lch. 176.